# Scéal, Scéal, Scéal...

Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige



Instagram: @pleanteangachoisfharraige
Twitter: @PleanTeangaCF
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharraige

08 Aibreán 2021

## OÍCHE OMÓIS DO JOE STEVE Ó NEACHTAIN

Chraol **Aontas na Scríbhneoirí Gaeilge** i gcomhar leis an **Oireachtas** clár omóis do Joe Steve ar an gCéadaoin 7 Aibreán. Thug a chlann, a chairde agus a chuid comhghleacaithe léargas ar Joe, fear a bhfuil lorg sainiúil fágtha aige ar litríocht na Gaeilge agus ar shaol na Gaeltachta agus na Gaeilge. Tá Agallamh Beirte, Lúibíní, amhráin agus dánta, siúl siar thar na blianta i Ros na Rún, mír as Baile an Droichid agus blaiseadh den ghearrscéal 'Óg agus Críon na hAoise' sa gclár breá seo. Is féidir breathnú ar an gceiliúradh ar chuntas Facebook: Oireachtas na Gaeilge anois.




## FOLÚNTAS SA MBOGHA CEATHA

Tá dhá phost á bhfógairt ag an mBogha Ceatha sa Spidéal. Tá Oibrí Cúram Leanaí ag teastáil le tréimhse shaoire mháithreachais a chlúdach agus tá folúntas ann freisin d'Oibrí Cúram Leanaí ar bhonn lán aimseartha. Caithfidh Gaeilge líofa a bheith ag na hiarratasóirí chomh maith le cáilíocht QQI/FETAC Leibhéal 5/6 i gCúram Leanaí. Is féidir iarratas agus cóip de do CV a sheoladh chuig oifig@boghaceatha.com le cur isteach ar na postanna.

## RANGANNA DAMHSA ACLAÍOCHTA

Tá ranganna damhsa aclaíochta á reáchtáil ag Oifigigh Pleanála Teanga Chois Fharraige. Cuirfear tús leo ar an Luan 12 Aibreán @ 7i.n. Deis damhsa le ceol comhaimseartha agus píosa spraoi trí mheán na Gaeilge a bheas ann faoi stiúir Chiara Ní Loingsigh - damhsóir gairmiúil le taithí aici ar ranganna damhsa a mhúineadh ar *Zoom*. Más mian leat páirt a ghlacadh sna seisiúin, déan teagmháil linn ag optchoisfharraige @gmail.com nó ag 0830106294 le spás a chur in áirithe. Is imeacht saor in aisce é seo!




## CÚIRT FILÍOCHTA

Beidh an dán 'Marbhghin 1943', le Derry O'Sullivan á phlé ar an Domhnach seo chugainn, 11 Aibreán, ag 7.30i.n, ag an g**Cúirt Filíochta** atá tagtha i gcomharbacht ar Ghearrscéalta Uí Chadhain. 'Sí Máirín Nic Eoin a bheas ag treorú an phlé an Domhnach beag seo. Tá an-fháilte roimh rannphháirtithe nua. Chun páirt a ghlacadh ann níl le déanamh ach clárú le optchois fharraige@gmail.com agus seolfar téacs den dán agus nasc Zúm chugat roimh ré.

## AN GHAELTACHT FAOI BHLÁTH

Beidh **An Ghaeltacht faoi Bhláth** á óstáil ag Oifigeach Pleanála Teanga Bhéal an Phobail ar an Máirt 13ú Aibreán @ 7:30i.n. ar *Zoom*. Joe Ó Beirn a bheas i mbun cainte agus plandaí a choinneáil slán ó chaoirigh a bheas á phlé aige. Roinnfidh Joe a chuid saineolais, nodanna agus dea-chomhairle maidir leis an ngné seo den gharraíodóireacht. Beidh deis ag an lucht éisteachta ceisteanna a chur ar Joe chomh maith agus plé ginearálta a dhéanamh ar thopaic na hoíche. Déan teagmháil le optchoisfharraige@gmail.com le clárú don ócáid, roimh meánlae ar an Luan 12ú Aibreán le do spás a chur in áirithe. Feicfidh muid ann sibh a chairde!




## COSA FARRAIGE I MBUN COISÍOCHTA

Cuireadh tús bríomhar le Comórtas Reatha na Gaeltachta an tseachtain seo. Tá **Cosa Farraige** - foireann Chois Fharraige - in iomaíocht leis na foirne móra i mbliana, le breis is trí scór rannpháirtithe mar bhaill d'fhoireann s'againne! Leanfaidh an comórtas go dtí tús mhí Bealtaine, tráth a n-ainmneofar an ceantar Gaeltachta is aclaí in Éirinn! Cois Fharraige Abú!

## BARZAZ

Tá **'Barzaz'** inphrionta nua dírithe ar léitheoirí fásta seolta ag **Futa Fata**. Is mian leo cur leis an soláthar agus leis an éagsúlacht ábhair atá ar fáil don léitheoir fásta Gaeilge anois os rud é go bhfuil bearna ag méadú sa margadh sin ó d'imigh **Cois Life** agus cúpla foilsitheoir eile le gairid. Tá súil an chéad dá leabhar a fhoilseofar a chur amach faoi dheireadh na bliana seo. *Madame Lazare*, úrscéal nua scríofa le Tadhg Mac Dhonnagáin agus aistriúchán ar úrscéal Fraincise atá beartaithe. Coinnigí súil ar leathanach FB: FutaFata don nuaíocht is déanaí!

## COMHARTHAÍ COVID

Tháinig Oifigigh Pleanála Teanga Chois Fharraige le chéile le hOifigigh Pleanála Teanga an Iarthair agus na Mí le comharthaí COVID a ordú le bronnadh ar ghnóthaí Chois Fharraige. Dearadh thar a bheith simplí agus éifeachtach atá ann - feiliúnach do dhaoine fásta agus gasúir. Má tá suim agat comharthaí a fháil le haghaidh do ghnó, déan teagmháil linn ag optchoisfharraige@gmail.com nó is féidir glaoch a chur orainn ag 0830106294.




## FOLÚNTAS AG ÚDARÁS NA GAELTACHTA

Tá post mar Bhainisteoir Forbartha Gnó á thairiscint ag **MIDC Páirc na Mara**, fochuideachta de chuid **Údarás na Gaeltachta**. Is post nuabhunaithe, a mhairfidh bliain, lonnaithe i gTeic @ Carna atá ann. Beidh an té a cheapfar freagrach as bainistiú píblíne an Ionaid Forbartha Nuálaíochta Mara a fhorbairt agus tacú le cuideachtaí láithreacht i moil Nuálaíochta agus Digiteacha an Údaráis a bhunú. Cuirfidh an Bainisteoir comhairle gnó ar fáil do chliaint agus d'fhiontair atá ag feidhmiú in earnáil na mara ar fud na Gaeltachta. Seol CV chomh maith le litir chumhdaigh chuig foluntais@udaras.ie faoin Luan 12ú Aibreán le cur isteach ar an bpost.

Údarás na Gaeltachta

## MEAIG UÍ FHINNEADHA 100 BLIAIN D'AOIS

Bhí ceiliúradh ar leith ag Mairéad Bean Uí Fhinneadha, Meaig Churraidhín ar an bPáirc sa Spidéal le gairid. Rugadh Meaig sna hAille ar an 5 Aibreán, 1921,100 bliain ó shin! Duine ab ea í d'ochtar clainne a bhí ag Pádraic Mháirtín Sheáin Mhurchadha agus Nóra Aindí Ní Choistealbha as an gCaorán. Is iomaí scéal spéisiúil atá le ríomh ag Meaig faoina cuid laethanta scoile i Scoil Sailearna, an tráth ar tholg sí poilió, na blianta a chaith sí i Sasana ag saothrú i monarcha scriúnna, ag obair leis an Great Western Railways ag tiomáint vaigíní lastais agus thraenáil sí mar stiúrthóir bus is tram fiú thall! D'fhill sí abhaile i 1953, chas Steve Mhaidhc Ned Ó Finneadha as an bPáirc uirthi agus phós siad. Thóg siad ceathrar clainne Máire, Nóra, Áine agus Maidhc agus tá 14 garchlann aici freisin. Is fiú go mór éisteacht le hagallamh an-bhreá le Meaig ar 'Gabh i Leith Cogar' ar RnaG ar an gCéadaoin 7 Aibreán. Is féidir teacht ar an gclár ar líne ag: www.rte.ie/rnag/gabh-leith-cogar Treise leat a Mheaig agus go raibh neart blianta eile romhat!




## CLUB FOGHLAIMEOIRÍ GAEILGE CHOIS FHARRAIGE

Cuirfidh **Club Foghlaimeoirí Gaeilge Chois Fharraige** tús le téarma nua ranganna ar an Luan 12 Aibreán. Freastlaíonn an club ar réimse leathan caighdeáin Ghaeilge ó thosaitheoirí go meánleibhéal. €40 ar théarma de deich rang an costas agus bíonn na ranganna ar siúl sna tráthnóntaí ón Luan go Déardaoin mar atá anseo:

An Luan @ 7:30-9 i.n. Rang Meánleibhéal (TEG B1)
An Mháirt @ 8-9:30i.n. Rang Bonnleibhéal (TEG A2)
An Chéadaoin @ 7:30-9i.n. Tosaitheoirí (TEG A1)
Déardaoin @ 7:30-9i.n. Bonnleibhéal do Ghlan Tosaitheoirí
**TEG = Teastas Eorpach na Gaeilge**

Ranganna Gaeilge



Caithfear clárú roimh ré le háit a chur in áirithe mar go bhfuil na huimhreacha teoranta. Is féidir níos mó eolais a fháil nó clárú ach teachtaireacht a sheoladh chuig spiddal.gaeilge@gmail.com nó glaoch a chur ar 085 878 6697. Ar *Zoom* a bheas na ranganna an téarma seo.

**Ná déanaigí dearmad, a chairde, más rud é go bhfuil nuaíocht, scéilín nó teachtaireacht ar mhaith libh a scaipeadh linn i *Scéal, Scéal, Scéal...* is féidir teagmháil a dhéanamh le Katie nó Aoife ag 083 010 6294 nó ag optchoisfharraige@gmail.com Is féidir teagmháil a dhéanamh linn freisin má tá eolas ag teastáil uait ar aon cheann de na scéalta a luaitear anseo!**

## CRUINNIÚ NA nÓG: CRUTHAÍM

Tá feachtas náisiúnta seolta ag **Meangadh Fíbín** i gcomhar le **Cruinniú na nÓg**, **TG4** agus **Cúla4** mar chuid de Chruinniú na nÓg i mbliana. Tá duine óg as gach contae in Éirinn agus duine amháin ón diaspora á lorg acu le bheith páirteach i sraith físeán a dhéanfaidh ceiliúradh ar chruthaitheacht óige na hÉireann. Tabharfar deis do na daoine óga a scéal pearsanta a inseacht agus an caitheamh aimsire nó an ealaín a thaitníonn leo a léiriú go físiúil agus go spreagúil. Craolfar na físeáin ar TG4/Cúla4 agus ar líne ar 12 Meitheamh. Ní mór do na hiarratasóirí bheith idir 5-16 bliain d'aois. Seol grianghraf nó físeán gearr (30 soicind) de do chuid oibre i réimse ina bhfuil tú paiseanta faoi - ealaín, cócaireacht, códáil nó aon ábhar ealaíonta eile - nó litir chun tú féin a chur i láthair chuig cruthaim@gmail.com. Is é an Chéadaoin 21ú Aibreán an spriocdháta le hiarratas a dhéanamh. Tá breis eolais ar fáil ar an chuntas FB: Meangadh Fíbín. Go n-éirí libh a chairde!

Meangadh Fíbín

Cruinniú na nÓg